Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2023
(OR. en)

8805/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0075(NLE)**

TRANS 167

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7642/23 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Ghrúpa Saineolaithe um an gComhaontú Eorpach maidir le hobair foirne feithiclí ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta de bhóthar (AETR) agus sa Mheitheal um Iompar de Bhóthar de Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip agus, más ábhartha, i ndáil le teachtaireacht ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe de bhun Airteagal 21(1) de AETR, a mhéid a bhaineann le leasú chun clásal 'force majeure' a thabhairt isteach<br>– Glacadh |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 20 Márta 2023, chuir an Coimisiún togra maidir leis an ábhar thuasluaite faoi bhráid na Comhairle.

2. Tá 52 Pháirtí Chonarthacha in AETR (1970), na Ballstáit uile san áireamh. Is é is aidhm don seasamh ábhartha reatha atá ag an Aontas ó 2021[1] an tacagraf cliste (leagan 2) i réimse AETR a thabhairt isteach, níos mó cumhachta cinnteoireachta a thabhairt do na Páirtithe Conarthacha maidir le rialacha a bhaineann le nuachóiriú an tacagraif, agus ligean don Aontas aontú don eagraíocht.

[1] CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE (AE) 2021/366 an 22 Feabhra 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Ghrúpa Saineolaithe um an gComhaontú Eorpach maidir le hobair foirne feithiclí ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta de bhóthar (AETR) agus sa Mheitheal um Iompar de Bhóthar de Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (IO L 70, 1.3.2021, lch. 12.)

3. Is é is aidhm don togra seasamh diúltach ón Aontas a ghlacadh i leith tograí a chuir 2 Pháirtí Chonarthacha ar aghaidh chun AETR a leasú trí chlásal '*force majeure*' a thabhairt isteach i ndáil leis an oibleagáid tacagraif.

4. I dtionscnamh a bhí ann roimhe seo sa chomhthéacs céanna díríodh ar léiriú áirithe ar na rialacha atá ann faoi láthair lena gceadaítear tiomáint, in imthosca eisceachtúla, gan cárta tiománaí lena n-áirithítear taifeadadh an tacagraif[2].

## II. OBAIR AN CHOMHLACHTA ULLMHÚCHÁIN

5. Scrúdaigh an Mheitheal um Iompar de Thalamh an togra an 29 Márta 2023. Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte curtha isteach ag an bhFrainc. Maidir leis na toscaireachtaí sin a labhair thacaigh siad leis an dréachtseasamh ón Aontas, ós rud é gur mheas siad go bhféadfadh foráil '*force majeure*' arna moladh ag an 2 Pháirtí Chonarthacha na hiarrachtaí idirnáisiúnta a rinneadh chun tréimhsí tiomána agus scíthe na dtiománaithe a rialú a chur ó bhail den chuid is mó, agus go bhféadfadh sí an bonn a bhaint de bhearta sriantacha a bhaineann le honnmhairiú táirgí teicneolaíochta, a glacadh i gcoinne na dtíortha sin.

6. Tugadh le fios nach coinníoll chun na leasuithe a chur faoi bhráid Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe é an comhaontú teicniúil ar ar tháinig comhlachtaí UNECE maidir le moladh AETR a leasú. Sa chás sin, dá dtagraítear in Airteagal 3 den dréachtseasamh ón Aontas, bheadh comhordú leis na húdaráis atá i gceannas ar an gcaidreamh leis na Náisiúin Aontaithe tábhachtach.

7. D'iarr an Uachtaránacht ar na toscaireachtaí aon bharúlacha breise a thíolacadh i scríbhinn faoin 4 Aibreán 2023; scaip an Rúnaíocht téacs athbhreithnithe[3]. Níor chuir aon toscaireacht tuilleadh barúlacha in iúl.

8. Is é an chéad chruinniú eile a bheidh ag comhlacht de chuid UNECE, ina bpléifear na tionscnaimh éagsúla chun AETR a leasú, cruinniú an ghrúpa saineolaithe an 12 Meitheamh 2023.

[2] Féach nóta 6197/23.
[3] Féach nóta 8038/23.

## III. CONCLÚIDÍ

9. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh a fhormhuiniú agus é a chur faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh, mar a leagtar amach in 8096/23 é a ndearna na dlítheangeolaithe athbhreithniú air.

10. A luaithe a ghlacfar é, cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin gCinneadh ón gComhairle.